| | | |
|---|---|---|
| **Deontas Uasghrádaithe do Ghrúpscéimeanna Uisce atá ann Cheana Féin Treoirlínte Iarratais** | Comhairle Chontae na Gaillimhe<br>Galway County Council | Upgrading Grant for Existing Group Water Schemes Application Guidelines |

| | |
|---|---|
| **Tá an fhoirm seo le fáil i gcló mór chomh maith** | This form is also available in large print |
| **Tá míle fáilte an fhoirm seo a líonadh i nGaeilge** | |

| | |
|---|---|
| **Tá deontas uasghrádaithe ar fáil do ghrúpscéimeanna uisce atá ann cheana féin ach a dteastaíonn obair feabhsúcháin uathu. Ríomhtar uasdheontais mar an gceann is ísle idir €6,475 in aghaidh an tí incháilithe (gan aon liúntas do naisc talún san áireamh) nó 85% de chostais cheadaithe. Ní mór don ghrúpa 15% den chostas iomlán ar a laghad a íoc.**<br>**Ní mór don ghrúpa na céimeanna seo a leanas a ghlacadh chun cead deontais a fháil sula gcuirfear tús leis an obair. Is féidir eolas níos sonraithe a fháil ach teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Seirbhísí Uisce i gComhairle Chontae na Gaillimhe.** | An upgrading grant is available to existing group schemes who are in need of improvement. Maximum grants are calculated as the lesser of €6,475 per eligible house (with no allowance for land connections) or 85% of approved costs. The group must meet at least 15% of total cost.<br><br>The group must take the following steps in order to obtain grant approval before undertaking any work. Further detailed advice may be obtained by contacting the Water Services Section of Galway County Council. |
| **1. Iarratas a dhéanamh**<br>**Cuir an fhoirm iarratais shínithe agus chomhlánaithe agus síníthe na bileoga suirbhé ar aghaidh chuig an gComhairle Chontae.** | 1. To make application<br>Submit completed and signed application form and survey sheets to the County Council. |
| **2. Suirbhé a dhéanamh ar an scéim agus tuairisc a thabhairt uirthi**<br>**Beidh gá le scrúdú nó suirbhé teicniúil chun gach aon neamhréireacht nó fadhb maidir leis an scéim a aithint mar aon le moltaí a thabhairt na neamhréireachtaí agus na fadhbanna sin a réiteach. Ní mór diomailt nó sileadh uisce a scrúdú agus d'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach méadar uisce oiriúnach a shuiteáil chun tacú leis sin.**<br>**Ní mór an t-eolas seo a chur ar aghaidh ansin i bhfoirm tuarascála chuig an gComhairle lena scrúdú agus lena cheadú.**<br>**D'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach innealtóir a fhostú nó duine eile a bheadh inniúil go teicniúil chun an tuairisc a ullmhú agus suirbhé a dhéanamh uirthi, seachas i gcás grúpaí an-bheag.** | 2. To survey the scheme and report<br><br>A technical examination or survey will be required to identify all deficiencies or problems of the scheme with proposals to remedy same. Wastage or leakage of water must be examined and it may be necessary to install a suitable water meter to assist in this regard.<br><br>This information must then be submitted in report form to the Council for their examination and approval.<br>It may be necessary to engage an engineer or another technically competent person to survey and prepare the report, except in cases of very small groups. |
| **Caighdeán Uisce: Ó tharla gur coinníoll atá ann sa dheontas gur chóir don uisce na caighdeáin reatha d'uisce óil a bhaint amach, ní mór go dtabharfaí aghaidh ar chaighdeán an uisce sa tuairisc seo. Ní** | Water Quality: As it is a condition of the grant that the water must meet the current standards for drinking water, the quality of the water must be addressed in this report. Any necessary treatment |

| | |
|---|---|
| **mór cóireáil ar bith a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun an soláthar a thabhairt chomh fada leis na caighdeáin a chur san áireamh sna moltaí uasghrádaithe. Tá na riachtanais reatha maidir le caighdeáin leagtha amach sa Treoir um Uisce Óil de chuid an A.E. Chomh maith leis sin beidh sé mar choinníoll sa cheadú go ndéanfar an soláthar a chlóiríniú.** | which may be required in order to bring the supply up to standard must be included in the upgrading proposals. The current standard requirements are set out in theE.U. Drinking Water Directive. In addition it will be a condition of approval that the supply shall be chlorinated. |
| **3. Tairiscintí a fháil**<br>**Tráth cead a bheith faighte ón gComhairle le coinníollacha a d'fhéadfaí a bheith i gceangal leis an gcead sin, ní mór don ghrúpa tairiscintí iomaíocha a fháil maidir le leagan síos píopaí agus maidir le soláthar agus suiteáil gléasra agus maidir le hobair ar bith eile a bheidh riachtanach agus ní mór na tairiscintí sin a chur ar aghaidh chuig an gComhairle lena gceadú agus le deontas a leithdháileadh go sealadach.**<br>**Ní mór go leagfaí síos na príomhphíopaí uisce de réir "Shonraíocht Chaighdeán do Ghrúpscéimeanna Uisce (príomhphíopa)" de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Chun comhlíonadh na Sonraíochta Caighdeán a chinntiú, is fearr tairiscintí ar leagan síos píopaí a fháil sa cháipéis "Comhfhoirm Tairiscintí agus Sonraíochta Caighdeáin" atá le fáil ón gComhairle.** | 3. To obtain tenders<br>On receipt of Council approval with any conditions which may be attached, the group must obtain competitive tenders for pipelaying as well as for supply and installation of plant and any other work necessary and submit same to the Council for approval and provisional allocation of grants.<br>The laying of watermains must be in accordance with Galway County Councils "Standard Specification for Group Schemes (watermains)". In order to ensure compliance with the Standard Specification, it is preferable that tenders for pipelaying be obtained on the Councils "Combined Standard Specification and Tender Form" document, available from the Council. |
| **4. An obair a dhéanamh**<br>**Tráth a fhaightear cead deiridh agus a leithdháiltear na deontais go sealadach, ní mór don ghrúpa iarratas a dhéanamh ar cheadúnas oscailte bóthar.Is féidir an obair a choimisiúnú ansin. Déanfaidh an Chomhairle imscrúdú ar obair i rith dhul chun cinn chun comhlíonadh na gcaighdeán riachtanach a chinntiú. Is féidir íocaíochtaí deontais eatramhacha a éileamh i rith na hoibre. Tráth a bheidh an obair go léirtugtha chun críche go sásúil agus chuig an gcaighdeán a éilítear agus tráth a chuirtear cuntais i láthair, íocfar deontais.** | 4. To carry out the work<br>On receipt of final approval and provisional allocation of grants the group must apply for a road opening licence. The work may then be commissioned.<br>The Council will inspect work during progress to ensure compliance with the required standards. Interim grant payments may be claimed during the course of the work. On satisfactory completion of all work to the required standard and presentation of accounts final grants will be paid. |



| | | |
|---|---|---|
| **Seol an fhoirm ar ais chuig:**<br>**Rannóg na Seirbhísí Uisce**<br>**Comhairle Chontae na Gaillimhe**<br>**Áras an Chontae**<br>**Cnoc na Radharc**<br>**Gaillimh** | Return to:<br>Water Services Department<br>Galway County Council<br>Áras an Chontae<br>Prospect Hill<br>Galway | Tel (091) 509505<br>Fax (091) 769590<br>water@galwaycoco.ie<br>www.gaillimh.ie<br>www.galway.ie |